# Cur chuige spraíúil agus Curaclam Teanga na Bunscoile

## Faisnéis Tacaíochta

### Cúlra

Sa sampla seo feictear rang na naíonán sóisearach i scoil lán-Ghaeilge. Sa scoil mheasctha seo tá an tumoideachas i bhfeidhm ón gcéad lá sna Naíonáin Shóisearacha. Ar cheann d'aidhmeanna na scoile tá ardchaighdeán oideachais trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do dhaltaí na scoile. Modh amháin chun é sin a dhéanamh sna naíonáin shóisearacha ná trí shúgradh. Nuair atá eispéireas foghlama á gcruthú ag an múinteoir ranga bíonn sí ag díriú ar Thorthaí Foghlama an churaclaim bunscoile agus ar an eolas agus taithí atá ag na páistí cheana féin.



Sa sampla seo feicimid súgradh a stiúrann na páistí; gníomhaíochtaí spraíúla a phleanálann an múinteoir agus a mbíonn an múinteoir i gceannas orthu; agus an múinteoir agus na páistí ag stiúradh an tsúgartha le chéile. Is deiseanna iad sin ar fad do na páistí chun gach gné dá litearthacht atá ag forbairt a bhrath agus a úsáid ar bhealach **comhtháite**. Cé go bhfuil an sampla seo ag díriú ar theanga ó bhéal, cuireann súgradh agus gníomhaíocht spraíúil deiseanna saibhre ar fáil le haghaidh na gcleachtas litearthachta eile – léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Pléann an múinteoir na rudaí a theastaíonn uathu le haghaidh a gcuid gníomhaíochtaí súgartha leis na páistí. Trí na deiseanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a aithint ina ngníomhaíocht spraíúil, agus na hábhair a bheidh ag teastáil uathu, tosaíonn páistí ag cur lena bhfeasacht ar a rannpháirtíocht leis an litearthacht sa saol laethúil.

Leagtar amach na gníomhaíochtaí súgartha sa sampla seo i gcúig stáisiún timpeall an tseomra ranga. Tá na páistí sa rang roinnte de réir na gcúig stáisiún sin. Tá gníomhaíocht dhifriúil ag gach stáisiún ach tá **topaic aontaithe** idir gach ceann acu. Tá an rogha ábhair tábhachtach don mhúinteoir mar ba mhaith léi a chinntiú gur féidir leis na páistí **naisc a dhéanamh lena n-eispéireas fíorshaoil**. Tríd an rang a roinnt i ngrúpaí níos lú, tugtar an deis do na páistí **oibriú le chéile** agus a dteanga labhartha a fhorbairt. Tá deis ag an múinteoir bogadh timpeall chuig gach grúpa chun **monatóireacht** a dhéanamh ar úsáid na Gaeilge agus chun tacú leo lena stór focal nua. Bíonn na páistí **ag malartú ó stáisiún** go stáisiún in imeacht na gcúig lá agus bíonn an deis acu páirt a ghlacadh i ngach eispéireas.

Is iad na gníomhaíochtaí súgartha a fheictear sa sampla seo an cúinne rólimeartha, dramhealaín, pasanna a chruthú, taos súgartha agus gaineamh. Díríonn an sampla seo ar an gcúinne rólimeartha, áit a bhfuil na páistí ag glacadh ról an chustaiméara atá ar cuairt ar an ngníomhaireacht taistil nó ar an ngníomhaire taistil atá ag obair san oifig thaistil. Múintear an foclóir agus na heiseamláirí teanga roimh réidh agus bíonn eiseamláiriú ar siúl chun samplaí rólimeartha a thaispeáint do na páistí. Tá **measúnú iomasach** ar siúl anseo fad atá an múinteoir agus na páistí ag stiúradh an tsúgartha le chéile. Tá na páistí le feiceáil ag ceistiú a chéile agus ag roinnt a gcuid tuairimí.



# Cur chuige spraíúil agus Curaclam Teanga na Bunscoile

## Faisnéis Tacaíochta

Tá an múinteoir ag súil leis **an bhfoclóir agus na heiseamláirí teanga** a chloisteáil sa chúinne rólimeartha chomh maith le **smaointe na bpáistí agus a gcuid teanga neamhfhoirmiúla as Gaeilge nó as Béarla**. Tosaíocht don mhúinteoir is ea go mbaineann na páistí taitneamh as na gníomhaíochtaí súgartha agus go n-úsáideann siad a gcuid samhlaíochta. Chomh maith leis sin, bíonn na páistí ag obair ar scileanna **comhoibrithe agus sealaíochta**.

### Ullmhúchán don Teagasc agus Foghlama

| Toradh Foghlama (TF) | Fócas na foghlama nua |
|---|---|
| TF1: Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird | Tá na páistí ag úsáid straitéisí tuisceana agus ag sealbhú stór focal trí éisteacht go gníomhach. |
| TF3: Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile | Tá na páistí ag freagairt do chomhrá ar ábhar nach bhfuil taithí phearsanta acu air.<br><br>Beannaíonn an páiste agus freagraíonn sé mar is cuí do bheannachtaí agus do thopa-icí plé agus léiríonn sé roinnt tuisceana do riachtanais an éisteora. |
| TF7: Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe | Tá na páistí ag cur a rogha phearsanta in iúl, ag cur ceisteanna agus ag tabhairt freagraí i nGaeilge agus i mBéarla de réir mar is gá. |
| TF12: Cur síos, tuar agus machnamh | Tá na páistí ag déanamh cur síos ar imeachtaí agus próisis a bhaineann le fíor-chom-hthéacsanna agus le com-hthéacsanna samhlaíocha. |

### Measúnú

Le linn na gníomhaíochta rólghlactha úsáideann an múinteoir raon cuir chuige mheasúnaithe lena n-áirítear breathnóireacht agus ceistiú múinteora. Tacaíonn an múinteoir le foghlaim teanga na bpáistí lena chinntiú go bhfuil an oiread Gaeilge agus is féidir á úsáid acu. Nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí éagsúla críochnaithe ag na páistí iarrann an múinteoir ar na páistí machnamh a dhéanamh ar an am a chaith siad ag na stáisiúin go léir. Cuireann an múinteoir réimse leathan ceisteanna ar na páistí, mar shampla, *cad iad na modhanna taistil ar féidir linn a úsáid agus muid ag dul ar laethanta saoire?* Baineann roinnt ceisteanna go díreach leis an téama agus baineann cuid eile leis an stáisiún áirithe ag a raibh na páistí ag súgradh. Trí cheisteanna oscailte a chur, tugtar deis do na páistí a dtuairimí a chur in iúl ar an ábhar agus na rudaí a thaitin agus nár thaitin leo faoin stáisiún. Trí na comhráite sin leis na páistí faigheann an múinteoir léargas níos fearr ar na rudaí is maith leis na páistí agus na rudaí nach dtaitníonn leo. Cuidíonn sé sin leis an múinteoir agus í ag cur leis an eispéireas foghlama amach anseo.

### Ceisteanna machnamhacha/Athbhreithniú

- Sa sampla seo feicimid an múinteoir agus na páistí ag stiúradh an tsúgartha le chéile. Conas a fheabhsaíonn an cineál seo súgartha eispéireas foghlama na bpáistí?
- Conas a thacaíonn leagan amach fisiceach an tseomra ranga le riachtanais, spéiseanna agus cumais na bpáistí, chomh maith le heispéiris foghlama iomchuí?
- Cad iad na gnéithe is suimiúla den chur chuige oideolaíoch a úsáidtear sa sampla seo? Ag smaoineamh ar do rang féin, an bhféadfá an cur chuige oideolaíoch seo a úsáid?

**Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhfaisnéis tacaíochta seo cliceáil anseo.**